C/2024/2893

25.4.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/2893)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Söke Pamuğu’

Uimh. AE: PGI-TR-03016 — 2.10.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Söke Pamuğu’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.14. Cadás

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is é ‘Söke Pamuğu’ an snáithín cadáis amh a shaothraítear i réigiún Söke. Faightear é ó na cineálacha seo a leanas: Gloria, Claudia, Carmen, Deltapine, Julia, Lydia, Beyaz Altın, DP396, Famosa agus Nazilli 84.

Tábla 1

Gnéithe saintréitheacha ‘Söke Pamuğu’

SAINTRÉITHE	LUACH
Táirgeacht cadáis (kg/ha)	460-550
Fad an tsnáithín (mm)	28-32
Luach micronaire	3,9-4,7
Neart teanntachta an tsnáithín (g/tex)	29-37
Aibíocht an tsnáithín (%)	0,86-0,87
Aonfhoirmeacht fhad an tsnáithín (%)	84-86
Luach buíochta an tsnáithín (+b)	7-10
Grád datha	(21-1)-(41-1)
Áireamh bruscair sa snáithín-(TrCnt)	9-63

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

Cion snáithín ghearr (%)	6-8
Cion snáithín fhada (%)	83-87
Méid gile an tsnáithín (Rd)	76-87
Cumhdach clúimh (%)	3-6
Innéacs solúbthachta	125-185
Cion taise (%)	7-8,5

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Liostaítear thíos na céimeanna nach mór a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sonraithe chun 'Söke Pamuğu' a tháirgeadh:

— Síolta a roghnú agus a sholáthar

— Ithreacha a ullmhú

— Plandú

— Uisciú agus leasú

— Plandaí a chothú (seachas buaint)

— Buaint

3.5 *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6 *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lógó TGFC a phriontáil ar an bpacáistíocht. Mura féidir lógó TGFC a úsáid ar an bpacáistíocht, ní mór é a bheith le feiceáil sa limistéar díolacháin.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá sa limistéar geografach chun 'Söke Pamuğu' a tháirgeadh críoch iomlán Cheantar Söke i gcúige Aydın, an Tuirc.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Saothraítear Söke Pamuğu i réigiún Söke, agus úsáidtear raon éagsúil síolta cadáis (Gloria, Claudia, Carmen, Deltapine, Julia, Lydia, Beyaz Altın, DP396, Famosa agus Nazilli 84). Tá fachtóir buí laghdaithe aige, tá cuma lonrach air agus tá snáithíní leathnaithe aige. Tá saintréithe míne agus láidre ag an snáth a thagann as Söke Pamuğu.

Sna réigiúin ina bhfástar cadás sa Tuirc, is airde a bhíonn an teocht i mí an Mheithimh agus i mí Iúil. Déanann teochtaí arda difear díobhálach do phlandaí cadáis i réigiúin eile. Le gnáthghaotha Meltem an tsamhraidh i gceantar Söke, cuirtear dlús le galú agus le trasghalú i bplandaí. Laghdaíonn na gaotha sin taise na hithreach, rud a mhaolaíonn an baol go mbeidh galair plandaí ann agus a chuireann fás plandaí chun cinn. Is iondúil go dtugtar tuairisc ar dhálaí gaoithe i gceantar Söke mar dhálaí séimhe boga. Mar gheall ar a shuíomh intíre i gcomparáid le limistéir chósta, is lú an tionchar atá ag an bhfarraige air. Dá réir sin, is iondúil go mbíonn gaotha in Söke éadrom agus ní bhaineann siad luasanna airde amach. Is minic a bhraitear gaotha Meltem le linn mhíonna an tsamhraidh, go háirithe san iarnóin agus sa tráthnóna. Baineann éifeacht fuaraithe agus teochtaí beagán níos ísle leis na gaotha sin, agus cuireann siad cosc ar fhadhbanna a bhaineann le strus teochta sa phlanda.

Ní dhéanann an sioc neamhrialta i réigiún Söke dochar do na plandaí agus, dá bhrí sin, ní laghdaíonn sé toradh táirgeachta an chadáis. Déanann leibhéil ísle bogthaise agus teochtaí arda difear do chadás a shaothraítear sa réigiúin Aeigéach, i réigiún Çukurova agus sa réigiún Anatólach Thoir Theas. Dá bhrí sin, bíonn fad an tsnáithín, luach micronaire, neart teanntachta an tsnáithín, aibíocht an tsnáithín, aonfhoirmeacht fhad an tsnáithín, luach buíochta an tsnáithín (+b) agus luachanna an ghráid datha níos airde in Söke Pamuğu ná i réigiúin eile.

Tá dlúthbhaint ag Söke Pamuğu le struchtúr ithreach cheantar Söke. Is toisc shuntasach é struchtúr na hithreach a mbíonn tionchar aige ar shaintréithe an phlanda cadáis. Le hithreacha torthúla atá draenáilte go maith agus a choinníonn taise, tacaítear le fréamhfhorbairt an phlanda cadáis agus áirithítear fás sláintiúil. Bíonn pH na hithreach idir 6,5 agus 7,55. Mar gheall ar chion ard na macrachothaitheach san ithir, amhail nítrigin, fosfar agus potaisiam, méadaítear táirgeacht scartha cadáis Söke Pamuğu agus ní thagann dath buí neamh-inmhianaithe ar an gcadás.

Déantar na síolta le haghaidh Söke Pamuğu a phlandú sa tseachtain dheireanach de mhí Aibreáin. Tarlaíonn tréimhse na buainte 150-155 lá ina dhiaidh sin, le linn na chéad seachtaine de mhí Dheireadh Fómhair. Leis an mbuaint i mí Dheireadh Fómhair, áirithítear go dtagann grád datha Söke Pamuğu faoi raon 21-1 agus 41-1. Mar thoradh air sin, faightear snáth cadáis ar ardchaighdeán ar a mbíonn dath agus cáilíocht den scoth.

Is é 17,4 °C an mheánteocht bhliantúil i gceantar Söke. Bíonn teochtaí os cionn 20 °C i mí an Mheithimh (nuair a tharlaíonn foirmiú na gcochall), bíonn siad os cionn 25 °C i mí Iúil (tréimhse an bhláthaithe) agus bíonn siad os cionn 30 °C i mí Lúnasa (tréimhse fhorbairt na gcochall). Ní dhéanann strus teochta difear díobhálach do Söke Pamuğu. Osclaíonn na cochaill go hiomlán le linn thréimhse na buainte, nuair a thiteann an teocht go dtí 15 °C. Le hoscailt iomlán na gcochall le linn na buainte, imrítear tionchar ar luach íseal buíochta Söke Pamuğu.

Titeann idir 450 mm agus 575 mm báistí gach bliain i gceantar Söke. Leis an méid sin báistí, soláthraítear na dálaí fáis agus táirgiúlachta ia fearr do Söke Pamuğu. Dá bhrí sin, tá bainistiú uiscithe agus faireachán ar bháisteach ríthábhachtach chun freastal ar riachtanais uisce an phlanda. Le linn chéim fáis Söke Pamuğu (i mí an Mheithimh), síneann fad na fréimhe go dtí doimhneacht 15 cm isteach san ithir. Sa tréimhse sin ina mbíonn níos lú báistí ann, is é thart ar 40-60 mm an méid uisce a bhfuil gá leis. Uiscíonn táirgeoirí idir dá uair agus trí huaire le linn an ama sin. Áirithítear nach ndéanann an t-uisce teagmháil dhíreach leis na plandaí le linn an uiscithe, toisc go gcuidíonn sé sin na plandaí a chosaint ar ghalair. Ina theannta sin, i dtáirgeadh cadáis, creidtear go ginearálta go dtagann laghdú ar cháilíocht an táirge mar thoradh ar uisciú iomarcach. Trí chleachtais uiscithe a bhainistiú go cúramach agus trí leibhéil báistí a chur san áireamh, is féidir le feirmeoirí a áirithiú go bhfaigheann Söke Pamuğu taise leordhóthanach dá fhás agus dá fhorbairt. Ar an gcaoi sin, ní thagann laghdú ar cháilíocht an táirge. Cuireann an taithí sin feabhas ar an gcadás agus, dá réir sin, ar cháilíocht an tsnátha. De ghnáth, is beag báistí a bhíonn in Söke i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Feabhsaíonn sé sin cáilíocht an táirge mar gheall ar an mbogthaise laghdaithe.

Baineann an fad snáithín is airde a bhuaic amach nuair is é 18-20 °C teocht na hoíche (ag brath ar an ngéinitíopa). I gceantar Söke, baintear foirmiú cadáis amach thart ar an 70ú-75ú lá agus cruthaítear snáithíní cadáis i mí an Mheithimh agus i mí Iúil nuair a bhíonn meánteocht na hoíche thart ar 19-23 °C. I mí Iúil agus i mí Lúnasa, bíonn an mheánteocht i gcaitheamh an lae idir 30-35 °C. Is é an toradh a bhíonn air sin go mbíonn Söke Pamuğu níos faide ó thaobh snáithín de ná meán na Tuirce. Tá míne an tsnáithín i gcomhréir leis an bhfad, agus tagann méadú uirthi de réir mar a mhéadaíonn an fad. Faightear faisnéis ó fhad an tsnáithín maidir leis an gcaoi ar féidir cadás a úsáid sa tionscal teicstíle. Athraíonn na leibhéil tionchair ar cháilíocht de réir na modhanna sníofa a chuirtear i bhfeidhm maidir le fad an tsnáithín. Tá uasfhad snáithín 32 mm agus míne 3,9-4,7 micriméadar ag Söke Pamuğu. Má dhéanaimid fad snáithíní cadáis a aicmiú, is féidir é aicmiú mar ‘stápal atá sách fada’ bunaithe ar aicme faid.

Bíonn tionchar níos mó ag dálaí comhshaoil agus teicnící saothraithe ar pharaiméadair maidir le cáilíocht an chadáis, amhail dath agus micronaire, i gcomparáid le struchtúr géiniteach an chineáil. Go háirithe, bíonn an tionchar comhshaoil ar ghrád datha agus ar mhíne an tsnáithín an-ard.

Tar éis an fhaid, tá an mhíne ar cheann de na saintréithe is mó ar a bhfuil tóir maidir le cadás. De réir mar a thagann méadú ar an míne, tagann méadú ar an líon snátha agus tagann laghdú ar an neamhrialtacht. Tá níos mó nirt agus aonfhoirmeachta ag snáth a dhéantar as snáithíní míne ná mar atá ag na snáth a dhéantar as snáithíní tiubha. 3,9-4,7 µg/orlach atá i míne Söke Pamuğu.

Is traidisiún é táirgeadh cadáis i gceantar Söke anois. Tá saothrú cadáis á chleachtadh sa cheantar ó bhí 1700 ann. Sna 1830í, bhí seolta na long Otománach fite as snáth a táirgeadh ó ‘Söke Pamuğu’.

Idir 1950 agus 1980, chonacthas tréigean mór na tuaithe sa Tuirc, rud a d'fhág gur tháinig laghdú tapa ar dhaonra na sráidbhailte. Mar sin féin, d'fhan an leibhéal ioncaim cobhsaí i gceantar Söke, a bhuí le táirgeadh cadáis, agus ní raibh aon soghluaisteacht mhór daonra ann.

Is imeacht traidisiúnta bliantúil é Féile Söke Pamuk i gceantar Söke. Bíonn an fhéile ar siúl de ghnáth idir an 1 agus an 6 Deireadh Fómhair. Ag an bhféile, déantar traidisiún táirgthe cadáis Söke a cheiliúradh, tugtar táirgeoirí cadáis le chéile agus leagtar béim ar shaibhreas cultúrtha an réigiúin.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí éagsúla a bheith ar siúl ag Féile Söke Pamuk, lena n-áirítear turais allamuigh chuig goirt chadáis, léirithe maidir le buaint an chadáis, ceolchoirmeacha, taispeántais, miasa áitiúla a bhlaiseadh, damhsa traidisiúnta agus imeachtaí cultúrtha eile. Is áit í an fhéile do tháirgeoirí cadáis, do chónaitheoirí áitiúla agus do chuairteoirí teacht le chéile, agus cuirtear tionscal agus cultúr cadáis an réigiúin i láthair ag an bhféile.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

—